C/2025/6556

8.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12030 — SEC / DUSSUR / 3D SYSTEMS / NAMI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6556)

1. An 28 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Saudi Electricity Company ('SEC', Ríocht na hAraibe Sádaí), atá faoi rialú Saudi Arabian Public Investment Fund ('PIF'),

— Saudi Arabian Industrial Investments Company JSC ('Dussur', Ríocht na hAraibe Sádaí), faoi rialú comhpháirteach PIF agus Saudi Arabian Oil Company,

— 3D Systems, Inc. ('3D Systems', na Stáit Aontaithe),

— National Innovation Industrial Company ('NAMI', Ríocht na hAraibe Sádaí), faoi rialú comhpháirteach Dussur agus 3D Systems.

Gheobhaidh SEC, Dussur agus 3D Systems rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar NAMI.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá SEC ag gabháil go príomha do ghiniúint, tarchur agus dáileadh cumhachta leictrí ar fud Ríocht na hAraibe Sádaí,

— Infheistíonn Dussur in earnálacha eacnamaíocha straitéiseacha, go príomha sa Mheánoirthear, chun tacú le tionscail ilchlaochlaitheacha a fhorbairt ar fud na n-earnálacha tionsclaíocha uile,

— Soláthraíonn 3D Systems réitigh chuimsitheacha priontála 3T agus monaraíochta digití a dhíríonn ar fheidhmeanna cúraim sláinte agus tionsclaíocha,

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais NAMI: soláthar seirbhísí priontála 3T sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12030 — SEC / DUSSUR / 3D SYSTEMS / NAMI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË